An Triail → Breitheamh a thabhairt

Is fíor gan amhras go ndearna Máire rudaí mícheart, agus mar sin is chóir cuid den milleán a chur uirthi, ach ní cheapaim gur chóir formhór an locht a thabhairt di. Cé go raibh Máire saonta ag tús an scéil, ní raibh Pádraig agus thóg sé buntáiste as a soineantas. Níos measa ná sin ríor thug sé freagracht ar bith as a gníomhartha, agus ríor íoc sé astu mar a d'íoc Máire. Tathaire críochnaithe ba ea é. Chuirfinn milleán ar a máthair cruálach freisin, a bhí níos buartha faoi dhearcadh na gcomharsan ná faoina hiníon féin. Agus cad faoin sochaí claonaigeanta a ligfeadh do scéal uafásach mar seo tárlúint? Is cúis mór é an tsochaí seo, agus ar ndóigh tionchar agus smacht na hEaglaise. Is anseo a luíonn cuid ollmhór don locht gan aon agó. Ní dóigh liom go raibh seans ar bith ag Máire bhocht de bharr botúin amháin agus ní fhéadfadh sé sin bheith ceart.